2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndéantar neamhaird ar an gceart chun imeachtaí breithiúnacha éifeachtacha agus ar an oibleagáid atá ar an gComhairle cúiseanna a thabhairt. Éilíonn an t-iarratasóir gurb iad na foinsí amháin a sholáthraíonn an Chomhairle ná ailt preasa nó sleachta as suíomhanna ghréasáin agus mar sin nach féidir leis na critéir cruthúnais a thugann údar le smachtbhannaí a ghlacadh a chomhlíonadh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndéantar neamhaird de phrionsabal na comhréireachta agus prionsabal na córa comhionainne. De réir an iarratasóra, níl aon nasc ábhartha idir é féin agus beartas na Rúise san Úcráin agus, dá bhrí sin, níl baint ag na smachtbhannaí le haon cheann de chuspóirí an Chinnidh agus Rialachán an 17 Márta 2014 ([3]).

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na dlíthiúlachta. Maidir leis sin, maíonn an t-iarratasóir mídhleathacht na gcritéar faoi f) agus faoi g) den chinneadh agus de Rialachán an 17 Márta 2014 sa mhéid is go ndéantar neamhaird leo ar na hoibleagáidí atá ar an gComhairle faoi Airteagal 215(2) CFAE, chomh maith le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear ag líomhain sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra agus, go háirithe, ar an gceart chun maoine agus ar a shaoirse teacht agus imeacht.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear go ndéantar neamhaird ar chearta cosanta an iarratasóra sa mhéid nár chuir an Chomhairle in iúl dó ina haonar na téarmaí agus na cúiseanna sonracha lena áireamh ar liosta na ndaoine ar díríodh orthu leis na smachtbhannaí. Dá bharr sin, ní raibh an t-iarratasóir in ann a thuairimí orthu a chur in iúl.

7. An seachtú saincheist dlí maidir le héileamh ar chúiteamh. Measann an t-iarratasóir go ndearnadh damáiste tromchúiseach dá chlú agus éilíonn sé cúiteamh ina leith.

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/582 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 110, lch. 55).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 110, lch. 3).

([3]) Rialachán (AE) 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 78, lch. 6).

---

**Caingean arna tabhairt an 17 Meitheamh 2022 – Akhmedov v an Chomhairle**

**(Cás T-363/22)**

(2022/C 294/62)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Farkhad Teimurovich Akhmedov (Baku, Azerbaijan) (ionadaí: W. Julié, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2022/582 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]) ("an Cinneadh a chonspóidtear") a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([2]) a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;

— A ordú don chosantóir an damáiste ábhartha agus neamhábhartha a bhain don iarratasóir a chúiteamh;

— A ordú don chosantóir costais agus caiteachais iomlána na n-imeachtaí, lena n-áirítear iad siúd a thabhaigh an t-iarratasóir i ndáil lena chosaint, a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([3]), arna leasú le Cinneadh (CBES) ón gComhairle 2022/329 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([4]), agus Airteagal 3(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([5]), arna leasú le Rialachán (AE) 2022/330 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([6]), mídhleathach agus go sáraítear leo prionsabail na comhréireachta, na deimhneachta dlíthiúla agus chomhionanna córa comhionainne.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a thabhairt.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach sa mheasúnú ar na fíricí.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú díréireach ar an gceart chun maoine.

---

([1]) IO 2022 L 110, lch. 55.
([2]) IO 2022 L 110, lch. 3.
([3]) IO 2014 L 78, lch. 16.
([4]) IO 2022 L 50, lch. 1.
([5]) IO 2014 L 78, lch. 6.
([6]) IO 2022 L 51, lch. 1.